

TAISCE ACMHAINNÍ IOMPAIR NA SEIRBHÍSE TACAÍOCHTA D'OIDEACHAS SPEISIALTA (STOS)



Treoirbhileog 7

GNÍOMHAÍOCHTAÍ LE LINN AM SOSA

Is minic gur tar éis am sosa agus am lóin a bhíonn an t-iompar is dúshlánaí ar fad ar siúl, agus an fáth a mbíonn scuaine mhór lasmuigh d'oifig an phríomhoide. Is rud nádúrtha é achrann agus argóintí a chlosteáil i gclós na scoile, ach táimid in ann céimeanna a ghlacadh chun cosc agus laghdú a dhéanamh ar rudaí a tharlódh nó a rachaidh ó smacht ar fad le linn am sosa. Tá trí straitéis shoiléire ann:

- Dóthain maoirseachta - ó thaobh líon na ndaoine atá i mbun maoirseachta agus ó thaobh ról na maoirseoirí
- Maoirseoirí ag coinneáil súile ach ar a suaimhneas – más féidir rudaí a chosc sula dtosaí siad agus más féidir cultúr a chruthú ina mothóidh gach dalta gur féidir leo labhairt le maoirseoir amháin / tuairisc a thabhairt don mhaoirseoir sin má mhothaíonn siad go bhfuil rud éigin mícheart, is bealaí éifeachtacha iad seo ar fad chun maoirsiú a dhéanamh ar dhaltaí
- Oiliúint i scileanna sóisialta - seans go mbeidh orainn **múineadh** dár ndaltaí conas spraoi a dhéanamh. Seans go mbeidh orainn múineadh a dhéanamh ar na rialacha a bhaineann le cluichí difriúla agus ar na scileanna sóisialta a bhaineann le: babhtáí a ghlacadh; comhoibriú; glacadh leis go bhfuil an cluiche cailte agus an bua a cheiliúradh go cuí; iombhá; páirteachas daoine eile; agus cumarsáid a dhéanamh le daoine eile; srl

Tá straitéis eile ann agus tá meascán den dá ghné a bhaineann le maoirseacht agus le hoiliúint i scileanna sóisialta sa straitéis seo, agus is é sin **gníomhaíochtaí am sosa** a chur ar bun do dhaltaí. Caithfidimid a lán rudaí a chur san áireamh anseo. Ina measc:

- An dteastaíonn **criosanna difriúla** uainn sa chlós le haghaidh aoisghrúpaí difriúla? D'fhéadfadh sé seo cabhrú chun roinnt deacrachtaí a réiteach.
- An féidir linn **rogha gníomhaíochtaí** a leagan amach? (cleas na bacóide, cispheil, sacar, rith, cluichí boird srl)
An féidir cluichí comhoibríocha a eagrú i gcuaird? Bunaigh stáisiúin difriúla ina gcaithfidh gach ball den fhoireann tasc a chur i gcrích sula mbogfaidh an fhoireann go dtí an chéad stáisiún eile (m.sh buillí cispheile, druibleáil peile, cic pionóis, liathróid leadóige a chaitheamh, rith slalom srl) Is féidir le gach duine den fhoireann pointí a scóráil don fhoireann agus ansin is féidir le foirne a scór a chur i gcomparáid le foirne eile nó leis an scór a bhí acu féin ón imeacht roimhe sin. Tá go leor i gceist anseo, mar sin, b'fhéidir go bhféadfaí é a dhéanamh uair sa tseachtain nó uair sa mhí, nó b'fhéidir go bhféadfadh grúpaí ranga difriúla é a dhéanamh gach lá i scoil mhór. Bealach amháin chun an obair chrua a laghdú beagán ná má dhéanann ball foirne amháin comhordú air agus cúnaimh a fháil ó dhaltaí níos sine mar réiteoirí / mar mhaor ama / chúil báire/ mar mhaor na scór srl
- Cén sórt **gníomhaíochtaí laethanta báistí** is féidir linn a thairiscint? An bhfuil limistéir ann ina féidir le daltaí tabhairt faoi Chúrsa Cluichí taobh istigh? An bhfuil neart díobh seo ag an scoil: cluichí boird, cártaí, bogearraí cuí ríomhaire, fiseáin / DVDanna oiriúnacha, raidiúnna, ionas nach fada leis na daltaí laethanta fliucha agus d'fhonn teannas a laghdú? Féadfadh iad sin a úsáid freisin ar laethanta tirime mar dhuais do ghrúpa nó do rang áirithe.
- Ar cheapamar **foirne athchúrsála / lucht pioctha bruscair**? B'fhéidir nach bhfuil suim ag roinnt daltaí sna himeachtaí spóirt ach go dtaitníonn cúrsaí dúlra / comhshaoil leo. Smaoinigh ar bhealaí chun iad a chur san áireamh / tabhair gníomhaíochtaí dóibh a thaitneoidh leo ag am sosa.
- An bhfuil **córas meantóireachta / dlúthchairde** ann do dhaltaí? Is féidir leis sin a bheith éifeachtach ar dhá bhealach, tugann sé cúnaimh do na daltaí níos óige mothú go bhfuil siad sábháilte agus gur cuid den scoil iad, agus tugann sé muinín, freagracht agus stádas do na daltaí níos sine. Arís, ní rud é a oibreoidh go huile is go hiomlán as féin, mar sin caithfear é a mhúineadh go cúramach agus monatóireacht chúramach a dhéanamh air.